

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1178 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 16 Iúil 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann le liostaí áirithe de thríú tíortha atá údaraithe i dtaca le hainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 230(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos, *inter alia*, na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus tá feidhm aige ón 21 Aibreán 2021. Ceann de na ceanglais sláinte ainmhithe sin is ea nach mór do na coinsíneachtaí sin teacht ó thríú tír nó ó thríú críoch, nó ó chrios nó ó dheighleog di, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> forlíontar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó thríú críocha nó ó chriosanna nó ó dheighleoga díobh i gcás ainmhithe do bharshaothraithe, agus tá feidhm aige freisin ón 21 Aibreán 2021. Le hAirteagal 3, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, foráiltear maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha nó táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoina raon feidhme nach gceadófar a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó thríú tír nó ó thríú críoch, nó ó chrios nó ó dheighleog díobh, a liostaítear le haghaidh an speicis áirithe sin ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch i gcomhréir leis na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe sin.
- (3) Thairis sin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> bunaítear na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh, nó i gcás ainmhithe do bharshaothraithe, de dheighleoga díobh, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe sin agus na catagóirí sin de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas.
- (4) Tá feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 freisin ón 21 Aibreán 2021, agus maidir leis na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis, tá an cuspóir céanna leo agus atá le liostaí comhchosúla a leagadh síos roimhe sin i roinnt gníomhartha de chuid an Choimisiúin, gníomhartha a aisghaireadh agus ar cuireadh an Rialachán Cur Chun Feidhme sin ina n-ionad le héifeacht ón dáta sin. Tá roinnt leasuithe ar na liostaí sna gníomhartha sin de chuid an Choimisiúin a bhí ann roimhe sin, áfach, leasuithe nach léirítear sna liostaí atá leagtha amach anois i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Is éard is cúis leis sin go ndéantar liostaí den sórt sin a leasú go minic chun ábhair, amháil athruithe ar staideanna eipidéimeolaíochta maidir le galair ainmhithe, nó dálaí sláintíochta nó ráthaíochtaí sláinte ainmhithe nó sláinte poiblí, i dtríú tíortha nó i dtríú críocha a chur san áireamh.

<sup>(1)</sup> IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

- (5) Le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ón gCoimisiún<sup>(4)</sup> leagadh síos liosta de thríú tíortha, de thríú críocha, de chriosanna nó de dheighleoga óna bhféadfar éanlaith chlóis agus táirgí éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas agus a bheith ar idirthuras tríd. Rinneadh an Rialachán sin a aisghairm agus cuireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina ionad, agus in Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán sin, leagtar amach anois na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'éineoil úr agus d'éin ghéim teacht isteach san Aontas. Mar sin féin, bhí roinnt leasuithe ar an liosta i Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 nár áiríodh sna liostaí a leagadh amach in Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Thar aon ní eile, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 a leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/626<sup>(5)</sup> a mhéid a bhaineann leis an iontráil i leith Phoblacht na Macadóine Thuaidh, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1166<sup>(6)</sup> a mhéid a bhaineann leis an iontráil i leith na Stát Aontaithe, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1752<sup>(7)</sup> a mhéid a bhaineann leis an iontráil i leith na hAstráile, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2083<sup>(8)</sup> a mhéid a bhaineann leis an iontráil i leith na Seapáine, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/460<sup>(9)</sup> a mhéid a bhaineann leis an iontráil i leith na hÚcráine, agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/568<sup>(10)</sup> a mhéid a bhaineann leis an iontráil i leith na Ríochta Aontaithe. Dá réir sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun na hathruithe sin ar an liosta a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 a chur san áireamh.
- (6) Ina theannta sin, chuir an Astráil faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina críoch tar éis ráig den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI), ráig a dearbhaíodh i ngabháltas éanlaithe clóis ina críoch an 31 Iúil 2020 agus maidir leis na bearta atá déanta aici chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Thar aon ní eile, tar éis na ráige sin de HPAI, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag an Astráil chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú. Ina theannta sin, thug an Astráil chun críche na bearta glantacháin agus díghalraithe ba ghá tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar an ngabháltas éanlaithe clóis a bhí ionfhabhtaithe roimhe sin ina críoch.
- (7) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir an Astráil isteach agus chinn sé go bhfuil ráig HPAI faoi smacht agus nach bhfuil aon riosca a thuilleadh ag baint le tráchtearraí éanlaithe clóis teacht isteach san Aontas ón tríú tír sin.
- (8) Thairis sin, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina críoch i ndáil le ráigeanna HPAI a dheimhníodh i ngabháltas éanlaithe clóis an 27 Eanáir 2021 ar Inis Món sa Bhreatain Bheag, an 8 Feabhra 2021 in Redcar agus Cleveland, Sasana, an 12 Feabhra 2021 in Glenrothes, Fife, Albain agus an 29 Márta 2021 i gContae Staffordshire, Sasana, agus maidir leis na bearta atá déanta aici chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Thar aon ní eile, tar éis na ráigeanna sin de HPAI, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag an Ríocht Aontaithe chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú. Ina theannta sin, thug an Ríocht Aontaithe chun críche na bearta glantacháin agus díghalraithe ba ghá tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar an ngabháltas éanlaithe clóis a bhí ionfhabhtaithe ina críoch.

<sup>(4)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2008 lena leagtar síos liosta de thríú tíortha, de thríú críocha, de chriosanna nó de dheighleoga óna bhféadfar éanlaith chlóis agus táirgí éanlaithe clóis a allmhairiú isteach sa Chomhphobal agus a bheith ar idirthuras tríd agus na ceanglais deimhniúcháin tréidliachta (IO L 226, 23.8.2008, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/626 ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 a mhéid a bhaineann leis an iontráil i leith Phoblacht na Macadóine Thuaidh ar an liosta de thríú tíortha, de thríú críocha, de chriosanna nó de dheighleoga óna bhféadfar tráchtearraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas nó a bheith ar idirthuras tríd i ndáil le galar Newcastle (IO L 146, 8.5.2020, lch. 1).

<sup>(6)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1166 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 a mhéid a bhaineann leis an iontráil i leith Stáit Aontaithe Mheiriceá ar an liosta de thríú tíortha, de thríú críocha, de chriosanna nó de dheighleoga óna bhféadfar tráchtearraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas nó a bheith ar idirthuras tríd i ndáil leis an bhfliú éanúil ardphataigineach (IO L 258, 7.8.2020, lch. 11).

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1752 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 a mhéid a bhaineann leis an iontráil i leith na hAstráile ar an liosta de thríú tíortha, de thríú críocha, de chriosanna nó de dheighleoga óna bhféadfar tráchtearraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas nó a bheith ar idirthuras tríd i ndáil leis an bhfliú éanúil ardphataigineach (IO L 394, 24.11.2020, lch. 5).

<sup>(8)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2083 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 a mhéid a bhaineann leis an iontráil i leith na Seapáine ar an liosta de thríú tíortha, de thríú críocha, de chriosanna nó de dheighleoga óna bhféadfar tráchtearraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas nó a bheith ar idirthuras tríd i ndáil leis an bhfliú éanúil ardphataigineach (IO L 423, 15.12.2020, lch. 20).

<sup>(9)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/460 ón gCoimisiún an 16 Márta 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 a mhéid a bhaineann leis an iontráil i leith na hÚcráine ar an liosta de thríú tíortha, de thríú críocha, de chriosanna nó de dheighleoga óna bhféadfar tráchtearraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas agus a bheith ar idirthuras tríd i ndáil leis an bhfliú éanúil ardphataigineach (IO L 91, 17.3.2021, lch. 7).

<sup>(10)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/568 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 a mhéid a bhaineann leis an iontráil i leith na Ríochta Aontaithe ar an liosta de thríú tíortha, de thríú críocha, de chriosanna nó de dheighleoga óna bhféadfar tráchtearraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas agus a bheith ar idirthuras tríd i ndáil leis an bhfliú éanúil ardphataigineach (IO L 118, 7.4.2021, lch. 10).

- (9) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe isteach agus chinn sé maidir le ráigeanna HPAI sna gabháiltais ar Inis Món sa Bhreataín Bheag, in Redcar agus Cleveland, Sasana agus in Glenrothes, Fife, Albain agus i gContae Staffordshire, Sasana go bhfuil siad faoi smacht agus nach bhfuil aon riosca ag baint a thuilleadh le tráchtearraí éanlaithe clóis teacht isteach san Aontas óna limistéir sin sa Ríocht Aontaithe, limistéir a raibh teacht isteach san Aontas na dtráchtearraí éanlaithe clóis ar fionraí de bharr na ráigeanna sin.
- (10) Ba cheart, dá bhrí sin, an staid eipidéimeolaíoch sna tríú tíortha sin a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an iontráil i leith na hAstráile agus na Ríochta Aontaithe sa tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
- (11) Ina theannta sin, le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar síos an liosta de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna n-údaraitear coinsíneachtaí d'éin i mbraighdeanas agus de tháirgí geirmeacha ó éin i mbraighdeanas teacht isteach san Aontas. Maidir le liosta na dtríú tíortha óna n-údaraitear allmhairí éin a phóraitear i mbraighdeanas isteach san Aontas, ba cheart é a chur san áireamh sa liosta sin, ar liosta é a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 139/2013 ón gCoimisiún <sup>(11)</sup>, a aisghairtear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an Airgintín agus na hOileáin Philipíneacha a chur san áireamh.
- (12) Chuir tríú tíortha áirithe freagraí ar cheistneoir faoi bhráid an Choimisiúin freisin, ceistneoir a bhain le teacht isteach cásálacha san Aontas ó thaobh sláinte ainmhithe agus sláinte poiblí. Chuir na tríú tíortha sin fianaise agus ráthaíochtaí leordhóthanacha ar fáil don Choimisiún chun go mbeidh siad san áireamh ar an liosta de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí cásálacha teacht isteach san Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a áireamh ar an liosta de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí cásálacha teacht isteach san Aontas, liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú dá réir.
- (13) Le hIarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar síos an liosta de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh atá údaraithe i dtaca le bainne amh, gruth buí, táirgí bunaithe ar ghruth buí, táirgí déiríochta a dhíorthaítear ó bhainne amh agus táirgí déiríochta teacht isteach san Aontas, ar táirgí iad nach bhfuil faoi réir cóireáil shonrach maolaithe riosca in aghaidh an ghalair crúb is béil. Ba cheart a chur san áireamh sa liosta sin an liosta de thríú tíortha nó de chodanna díobh atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí de bhainne amh, táirgí déiríochta, gruth buí agus táirgí bunaithe ar ghruth buí a thabhairt isteach san Aontas Eorpach, agus an cineál cóireála teasa is gá a léiriú le haghaidh tráchtearraí den sórt sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 605/2010 ón gCoimisiún <sup>(12)</sup>, toisc gur aisghaireadh Rialachán (AE) Uimh. 605/2010 agus gur cuireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina ionad. Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin a chur san áireamh.
- (14) Le hIarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar síos an liosta de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh atá údaraithe i dtaca le táirgí déiríochta teacht isteach san Aontas, ar táirgí iad atá faoi réir cóireáil shonrach maolaithe riosca in aghaidh an ghalair crúb is béil. Maidir leis an liosta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, ba cheart léiriú a bheith ann ar an liosta sin an liosta i gcolún C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 605/2010 a bhí i bhfeidhm go dtí an 20 Aibreán 2021. Áiríodh an Mholdóiv i gcolún C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 605/2010, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/645 <sup>(13)</sup>. Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an Mholdóiv a chur san áireamh.
- (15) Le hIarscríbhinn XXII leagtar síos an liosta de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh atá údaraithe i dtaca le hidirthuras a dhéanamh tríd an Aontas ar choinníollacha sonracha. Ar mhaithe le haon chur isteach míchuí ar chúrsaí trádála a sheachaint, ba cheart na coinníollacha sonracha sin na coinníollacha dá bhforáiltear i rialacha an Aontais a léiriú, ar rialacha is infheidhme iad roimh dháta chur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun coinníollacha áirithe sonracha a oiriúnú, coinníollacha a bhaineann le coinsíneachtaí de tháirgí áirithe feola ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin a bheith ar idirthuras tríd an Aontas.

<sup>(11)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 139/2013 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2013 lena leagtar síos coinníollacha sláinte ainmhithe maidir le héin áirithe a allmhairiú isteach san Aontas agus na coinníollacha coraintín lena mbaineann (IO L 47, 20.2.2013, lch. 1).

<sup>(12)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 605/2010 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2010 lena leagtar síos coinníollacha maidir le sláinte ainmhithe agus sláinte phoiblí agus le deimhniúchán tréidliachta i dtaca le bainne amh, táirgí déiríochta, gruth buí agus táirgí bunaithe ar ghruth buí atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas (IO L 175, 10.7.2010, lch. 1).

<sup>(13)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/645 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 605/2010 a mhéid a bhaineann leis an liosta de thríú tíortha nó de chodanna díobh óna n-údaraitear coinsíneachtaí de bhainne amh, táirgí déiríochta, gruth buí agus táirgí grutha bhú a thabhairt isteach san Aontas Eorpach (IO L 133, 20.4.2021, lch. 29).

- (16) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní V, VI, XIV, XVI, XVII, XVIII agus XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.
- (17) Ós amhlaidh a bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón 21 Aibreán 2021, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.
- (18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní V, VI, XIV, XVI, XVII, XVIII agus XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Iúil 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V, VI, XIV, XVI, XVII, XVIII agus XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Astráil:

"AU An Astráil	AU-0	Uibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe	SPF				
		Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	P1		31.7.2020	20.7.2021
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	C, P1		31.7.2020	20.7.2021
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	P1		31.7.2020	20.7.2021
		Sicíní lae raitíteach	DOR	C, P1		31.7.2020	20.7.2021
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	P1		31.7.2020	20.7.2021
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	P1		31.7.2020	20.7.2021
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	P1		31.7.2020	20.7.2021
		Uibheacha goir raitíteach	HER	C, P1		31.7.2020	20.7.2021
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	P1		31.7.2020	20.7.2021"

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe:

"GB An Ríocht Aontaithe	GB-0	Uibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe	SPF				
	GB-1	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N			
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N			
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N			
		Sicíní lae raitíteach	DON	N			
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N			
Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N					

	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N			
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N			
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N			
	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N			
GB-2						
GB-2.1	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		1.1.2021	6.1.2021
	Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		1.1.2021	6.1.2021
	Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		1.1.2021	6.1.2021
	Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		1.1.2021	6.1.2021
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		1.1.2021	6.1.2021
	Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		1.1.2021	6.1.2021
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		1.1.2021	6.1.2021
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		1.1.2021	6.1.2021
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		1.1.2021	6.1.2021
	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		1.1.2021	6.1.2021
GB-2.2	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		1.1.2021	8.1.2021
	Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		1.1.2021	8.1.2021
	Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		1.1.2021	8.1.2021
	Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		1.1.2021	8.1.2021
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		1.1.2021	8.1.2021
	Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		1.1.2021	8.1.2021

	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		1.1.2021	8.1.2021
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		1.1.2021	8.1.2021
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		1.1.2021	8.1.2021
	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		1.1.2021	8.1.2021
GB-2.3	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		1.1.2021	10.1.2021
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		1.1.2021	10.1.2021
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		1.1.2021	10.1.2021
	Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		1.1.2021	10.1.2021
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		1.1.2021	10.1.2021
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		1.1.2021	10.1.2021
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		1.1.2021	10.1.2021
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		1.1.2021	10.1.2021
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		1.1.2021	10.1.2021
	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		1.1.2021	10.1.2021
GB-2.4	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		1.1.2021	11.1.2021
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		1.1.2021	11.1.2021
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		1.1.2021	11.1.2021
	Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		1.1.2021	11.1.2021
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		1.1.2021	11.1.2021
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		1.1.2021	11.1.2021
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		1.1.2021	11.1.2021

		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		1.1.2021	11.1.2021
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		1.1.2021	11.1.2021
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		1.1.2021	11.1.2021
	GB-2.5	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		1.1.2021	17.1.2021
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		1.1.2021	17.1.2021
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		1.1.2021	17.1.2021
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		1.1.2021	17.1.2021
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		1.1.2021	17.1.2021
		Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		1.1.2021	17.1.2021
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		1.1.2021	17.1.2021
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		1.1.2021	17.1.2021
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		1.1.2021	17.1.2021
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		1.1.2021	17.1.2021
	GB-2.6	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		1.1.2021	19.1.2021
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		1.1.2021	19.1.2021
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		1.1.2021	19.1.2021
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		1.1.2021	19.1.2021
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		1.1.2021	19.1.2021
		Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		1.1.2021	19.1.2021
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		1.1.2021	19.1.2021
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		1.1.2021	19.1.2021



	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		1.1.2021	19.1.2021
	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		1.1.2021	19.1.2021
GB-2.7	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
	Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
	GB-2.8	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		1.1.2021
Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla		BPR	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
Sicíní lae seachas raitítigh		DOC	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
Sicíní lae raitíteach		DOR	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh		SP	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
Raitítigh atá beartaithe a mharú		SR	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh		POU-LT20	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh		HEP	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
Uibheacha goir raitíteach		HER	N, P1		1.1.2021	20.1.2021

	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		1.1.2021	20.1.2021
GB-2.9	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		1.1.2021	23.1.2021
	Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		1.1.2021	23.1.2021
	Sicíni lae seachas raitígh	DOC	N, P1		1.1.2021	23.1.2021
	Sicíni lae raitíteach	DOR	N, P1		1.1.2021	23.1.2021
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		1.1.2021	23.1.2021
	Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		1.1.2021	23.1.2021
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		1.1.2021	23.1.2021
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		1.1.2021	23.1.2021
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		1.1.2021	23.1.2021
	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		1.1.2021	23.1.2021
GB-2.10	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		1.1.2021	28.1.2021
	Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		1.1.2021	28.1.2021
	Sicíni lae seachas raitígh	DOC	N, P1		1.1.2021	28.1.2021
	Sicíni lae raitíteach	DOR	N, P1		1.1.2021	28.1.2021
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		1.1.2021	28.1.2021
	Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		1.1.2021	28.1.2021
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		1.1.2021	28.1.2021
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		1.1.2021	28.1.2021
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		1.1.2021	28.1.2021
	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		1.1.2021	28.1.2021

GB-2.11	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		1.1.2021	7.2.2021
	Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		1.1.2021	7.2.2021
	Sicíni lae seachas raitígh	DOC	N, P1		1.1.2021	7.2.2021
	Sicíni lae raitíteach	DOR	N, P1		1.1.2021	7.2.2021
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		1.1.2021	7.2.2021
	Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		1.1.2021	7.2.2021
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		1.1.2021	7.2.2021
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		1.1.2021	7.2.2021
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		1.1.2021	7.2.2021
	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		1.1.2021	7.2.2021
GB-2.12	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		1.1.2021	31.1.2021
	Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		1.1.2021	31.1.2021
	Sicíni lae seachas raitígh	DOC	N, P1		1.1.2021	31.1.2021
	Sicíni lae raitíteach	DOR	N, P1		1.1.2021	31.1.2021
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		1.1.2021	31.1.2021
	Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		1.1.2021	31.1.2021
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		1.1.2021	31.1.2021
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		1.1.2021	31.1.2021
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		1.1.2021	31.1.2021
	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		1.1.2021	31.1.2021
